

Baile Brigín


Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na hathruithe móra atá le teacht ar Bhaile Brigín. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat na focail/frásaí ar chlé a mheaitseáil leis na focail/frásaí ar dheis?

1. investment	a) <i>cuan</i>
2. in the north of Dublin	b) <i>torthaí an tsuirbhé</i>
3. to develop	c) <i>cónaitheoirí</i>
4. coastal town	d) <i>siúlóidí cois abhann</i>
5. harbour	e) <i>i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath</i>
6. riverside walks	f) <i>athnuachan</i>
7. renewal	g) <i>baile cois cósta</i>
8. exceptional growth	h) <i>infheistiúocht</i>
9. residents	i) <i>fás as cuimse</i>
10. the survey results	j) <i>a fhorbairt</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Cad a bhí ag an duine in aice leat?



Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus labhair leis an duine in aice leat faoi ábhar na míre.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cá bhfuil Baile Brigín agus cá mhéad euro atá le hinfeistiú san áit?
2. Cad iad na hathruithe atá le cur i bhfeidhm sa bhaile?
3. Cad atá le déanamh in aice le Caisleán Bhrí Mhór?
4. Cad a deir Beirní Ní Cheallaigh faoin trá?
5. Deir an tOllamh Brian Mac Craith gur baile ar leith é Baile Brigín. Cén fáth?
6. Cén fáth a bhfuil Comhairle Contae Fhine Gall chun suirbhé a dhéanamh?

Ceist 4 '...ina bhaile...'

- A. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?
B. Líon na bearnaí sna habairtí thíos. Bain úsáid as an tábla seo chun cuidiú leat más gá.

mo pháirtí	m'iníon
do pháirtí	d' iníon
a pháirtí (his)	a iníon (his)
a páirtí (her)	a hiníon (her)
ár bpáirtí	ár n-iníon
bhur bpáirtí	bhur n-iníon
a bpáirtí	a n-iníon

1. Tá mo _____ (fear céile) ag éirí an-ramhar ar fad.
2. An bhfuil biseach ag teacht ar do _____ (máthair)?
3. Chonaic mé a (her) _____ (uncail) sa bhaile mór.
4. An bhfuil a (their) _____ (aistí) bailithe agat?
5. Is breá liom nuair a dhéanann ár _____ (athair) an dinnéar.
6. Téann a (his) _____ (cara) go dtí an phictiúrlann gach deireadh seachtaine.
7. Tabhair a (their) _____ (cuid airgid) ar ais dóibh.
8. Tá Síle ina _____ (cónaí) i gCorcaigh.

Ceist 5 '...athruithe...'

Cad é iolra na n-ainmfhocal seo a leanas:

baile –
ciliméadar –
cuan –
abhainn –
caisleán –
straitéis –
bliain –

Ceist 6 Déan an ghníomhaíocht seo leis an duine in aice leat.

Samhlaígí go bhfuil 20 milliún euro le caitheamh ar an mbaile is cóngaraí daoibh. Déanaigí liosta de na hathruithe ar fad a dhéanfadh sibh chun an baile sin a fhorbairt.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
h	e	j	g	a	d	f	i	c	b

Ceist 2

Is cleachtadh cainte é seo. Tabhair deis do na foghlaimeoirí an méid a thuig siad faoin mír a phlé le chéile. Pléigh ábhar na míre leis an rang iomlán ansin.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. Tá **m'fhear céile** ag éirí an-ramhar ar fad.
2. An bhfuil biseach ag teacht ar do **mháthair**?
3. Chonaic mé a **huncail** sa bhaile mór.
4. An bhfuil a **n-aistí** bailithe agat?
5. Is breá liom nuair a dhéanann ár **n-athair** an dinnéar.
6. Téann a **chara** go dtí an phictiúrlann gach deireadh seachtaine.
7. Tabhair a **gcuid airgid** ar ais dóibh.
8. Tá Síle ina **cónaí** i gCorcaigh.

Ceist 5

baile – bailte
ciliméadar – ciliméadair
cuan – cuanta
abhainn – aibhneacha
caisleán – caisleáin
straitéis – straitéisí
bliain – blianta

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin tuairimí gach péire a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Anois tá infheistíocht 20 milliún euro le déanamh i mBaile Brigín i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath. Faoi phleananna nua a¹ bhfuil sé d'fheidhm acu an baile seo a fhorbairt ina bhaile cois cósta, tá tuairimí á lorg ón bpobal. 30.5 bliain d'aois ar an meán atá pobal an bhaile seo.

Caoimhe Ní Laighin

Tá Baile Brigín 30 ciliméadar ó lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá athruithe móra i ndán dó - plás nua le bialanna, cuan, siúlóidí cois abhann agus neart rudaí eile.

Peadar Ó Castaigh, Baile Brigín

Tá sé i gceist acu breis agus 20 milliún punt a chaitheamh ar an mbaile. Beidh siad ag infheistiú² ar an gcuan, ar an bpríomhshráid agus ar na páirceanna.

Beirní Ní Cheallaigh, Staráí áitiúil

Tá Caisleán Bhrí Mhór thall ansin agus tá siad chun páirc mhór a chruthú in aice leis an gcaisleán. So, beidh sé sin go hiontach. Téann tú ... daoine tríd an bhaile seo agus ní bhíonn a fhios acu fiú go bhfuil an trá ann, cé go bhfuil sí go hálainn mar thrá. Tá sí (I mean)...go háirithe an samhradh seo, bhíomar go leor ann agus is aoibhinn an áit í.

Caoimhe Ní Laighin

Deir an té atá i gceannas ar an straitéis seo a fhorbairt, go bhfuil an athnuachan seo ag teastáil, mar go bhfuil fás as cuimse tagtha ar an bpobal ansin le déanaí, gan na háiseanna cuí le freastal orthu a chur ar fáil.

An tOllamh Brian Mac Craith, Cathaoirleach Ghrúpa Ceannasaíochta Bhaile Brigín

Is baile ar leith é Baile Brigín, mar is é an baile is óige nó an daonra is óige in Éirinn - gar do 30.7 bliain d'aois. Rugadh breis is 28% de na daoine ann ó lasmuigh den Stát. Agus tá méadú mór tagtha ar an daonra, breis agus 70% ó 2006 go dtí 2016.

Caoimhe Ní Laighin

Déanfar suirbhé i measc cónaitheoirí anseo go bhfeicfidh Comhairle Contae Fhine Gall céard go díreach atá ag teastáil uathu ón infheistíocht seo. Bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé sin, foilseofar straitéis an bhliain seo chugainn, maidir leis na spriocanna agus an líne ama a bheas i gceist leis an togra seo.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4 i mBaile Brigín.

¹ go bhfuil a dúradh

² ag infheistíocht a dúradh